




An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Nóta Eolais do Scoileanna agus Foirm Iarratais don Rannpháirtíocht sa Tionscadal Píolótach Ríomh-Mhol Gaeltachta



Teagasc agus Foghlaim na Fisce Ar Líne – deiseanna foghlama nua a sholáthar do scoláirí

Cúlra

Tá “mol nó ríomhscoileanna le seomraí ranga fóirúla i scoileanna atá ann cheana nasctha le roinnt scoileanna beaga a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge nó aonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i limistéir Ghaeltachta” (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022; lch.21) á bhunú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). Tá taighde déanta ag an Roinn ar thionscnaimh ríomh-Mhoil dá leithéid ar fud an domhain, ina ndéanann scoláirí an curaclam atá ar fáil dóibh a fhorlónadh le cúrsaí ar líne do roinnt ábhar, muna mbíonn deiseanna a leithéid d’ábhar á dhéanamh ina scoileanna féin.

Cruthaíonn an taighde seo bonn don pháilóitú atá á dhéanamh ag an Roinn ar chúrsa Fisice Ardleibhéil na hArdteistiméireachta ar líne trí mheán na Gaeilge i roinnt iar-bhunscoileanna Gaeltachta nach bhfuil ar a gcumas, faoi láthair, an t-ábhar sin a sholáthar ar an gcuraclam trí mheán na Gaeilge. Beidh an píolót á dhéanamh ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta le cúnamh ó H2 Learning. Is beirt ríomh-Mhúinteoirí fisice, le taithí acu ar Fhisc Ardleibhéil na hArdteistiméireachta a theagasc trí mheán na Gaeilge, a mhúinfidh an cúrsa. Beidh na ríomh-Mhúinteoirí lonnaithe ina n-iarbhunscoileanna Gaeltachta féin agus beidh scoláirí á dteagasc acu i roinnt iar-bhunscoileanna ar fud na Gaeltachta.

Tá iarratais á lorg againn anois ó iar-bhunscoileanna ar mian leo a bheith páirteach sa phíolót ríomh-Mhoil atá le tosú i mí Mheán Fómhair 2019. Is mian linn teacht ar iar-bhunscoileanna a bhfuil scoláirí acu ar mian leo Fisic na hArdteistiméireachta a dhéanamh trí mheán na Gaeilge mar cheann dá n-ábhar Ardteistiméireachta do scrúdú na hArdteistiméireachta 2021. Táimid ag díriú ach go háirithe ar iar-bhunscoileanna nach bhfuil an acmhainn teagaisc acu faoi láthair Fisic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta trí mheán na Gaeilge a sholáthar mar ábhar roghnach don scoilbhliain 2019/20.

Na rudaí is gá don iar-bhunscoil a dhéanamh

Is gá d'iar-bhunscoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh sa phíolót ríomh-Mhoil iomlán do Fhísic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta do 2019-2021:

- scoláirí (1 go 5) a ainmniú a bheidh ag roghnú Fisic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta le héifeacht ó Mheán Fómhair 2019 agus a bheidh ag déanamh na hArdteistiméireachta in 2021
- a bheith sásta go bhfuil cumas léirithe ag na scoláirí a ainmníodh chun páirt a ghlacadh i bhFisic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta, ina bhfuil gnéithe suntasacha den chúrsa Matamaitic-bhunaithe
- a dheimhniú nach bhfuil staidéar á dhéanamh ar chúrsa Fisice-Ceimice Ardteistiméireachta freisin ag na scoláirí a ainmníodh do Fhísic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta ar líne mar nach bhfuil cead ach ceann **amháin** de na hábhair sin a dhéanamh
- a dheimhniú go bhfuil na scoláirí a ainmníodh do Fhísic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta ar líne sách cumasach sa Ghaeilge chun an cúrsa a leanúint agus scrúdú Fisice Ardteistiméireachta a dhéanamh trí mheán na Gaeilge
- múinteoir iar-bhunscoile atá cáilithe go cuí sa scoil a ainmniú do ról an ríomh-Mheantóra agus spéis ar leith aige/aici sa tionscadal ríomh-Mhoil sa scoil ghlacadóra. Ba chóir, chomh fada agus is féidir, cáilíocht Eolaíochta nó Matamaitice a bheith ag an ríomh-Mheantóir, agus ba chóir tús áite a thabhairt don mhúinteoir iar-bhunscoile atá cáilithe mar sin má fhaightear léirithe spéise don ról ó roinnt ar mhúinteoirí iar-bhunscoile
- a chinntiú go scaoilfear an ríomh-Mheantóir san iar-bhunscoil ghlacadóra le dul i mbun oibre ar an tionscadal ríomh-Mhoil do 3.5 uaire an chloig sa tseachtain ar feadh suas le dhá bhliain **(cuirfidh an Roinn leithdháileadh 3.5 uaire an chloig breise in aghaidh na seachtaine ar fáil chun freastal ar a leithéid)**
- seomra ciúin oiriúnach a chur ar fáil don ríomh-Mhol. Caithfidh an seomra freastal ar suas le seisear scoláire go compordach **(cuirfear leithdháileadh aon-uaire de €5,000 ar fáil chun trealamh a chur ar fáil don seomra ríomh-Mhoil)**
- soláthar a dhéanamh ar chlár ama na hiar-bhunscoile chun freastal ar na ranganna Fisice (suas le 5 thréimhse ranga sa tseachtain, fad 40 nóiméad le gach ceann, i gcomhdhéanamh ina ndéanfar soláthar do thréimhse dúbailte amháin ar a laghad) agus ina gcuirfear láithreach an ríomh-Mheantóra san áireamh i gcónaí.

Riachtanais rannpháirtíochta chun tionscadal ríomh-Mhoil píolótach a sholáthar

Tá sé i gceist go roghnófar suas le 6 iar-bhunscoil mar scoileanna a bheidh ag 'glacadh' leis an ríomh-Mhol ar dtús. Beidh sé mar phríomhriachtanas go gcuirfidh gach scoil a bhíonn páirteach seomra ciúin ar fáil inar féidir le scoláirí a bheith páirteach sna ranganna ar líne gan aon duine ag cur isteach orthu.

D'fhéadfadh go mbeadh oifig mhór, seomra acmhainne nó leabharlann oiriúnach dá leithéid. Déanfar an seomra a shocrú le háiseanna físchomhdhála agus le boird agus cathaoireacha do sheisear scoláirí. Caithfidh nasc leathanbhanda na scoile a bheith sa seomra. Go hídéalach, ní cóir go mbainfí úsáid as an trealamh físchomhdhála d'aon ghnó eile.

Ról an ríomh-Mheantóra

Tá cuspóir tábhachtach ag baint le ról an ríomh-Mheantóra sa pháirtnéireacht idir scoileanna, ríomh-Mhúinteoir(i) agus scoláirí. Cuirfidh an ríomh-Mhúinteoir tacaíocht ar fáil do scoláirí ar an láthair lena dheimhniú go mbíonn rath ar a rannpháirtíocht ar an gcúrsa Fisice Ardleibhéil na hArdteistiméireachta. Áirítear mar chuid de ról an ríomh-Mheantóra i scoileanna glacadóra:

- Teagmháil a dhéanamh leis an/na ríomh-Mhúinteoir(i), scoláirí agus a dtuismitheoirí, de réir mar is gá
- A chinntiú go mbíonn scoláirí compordach leis na próisis atá bunaithe chun obair a rochtain, ceisteanna nó deacrachtaí a eascraíonn a chur in iúl agus obair a chur chuig an ríomh-Mhúinteoir
- A chinntiú gur féidir le scoláirí tacaíocht theicniúil a rochtain de réir mar is gá
- Plé le haon ábhair inní a thagann ón ríomh-Mhúinteoir faoi rannpháirtíocht nó faoi ghnóthachtáil scoláirí
- An ríomh-Mhúinteoir a chur ar an eolas faoi aon ábhar inní maidir le rannpháirtíocht nó iompar scoláirí nó aon chumarsáidí ó mhúinteoirí agus/nó ó thuismitheoirí.
- A dheimhniú, má eascraíonn ceisteanna iompraíochta nó oibre, go bpléitear leo seo trí chóras tréadchúraim na scoile agus a chinntiú go leantar an cheist ina dhiaidh sin
- Treoir a sholáthar do scoláirí ar chur chuige don fhéinbhainistiú, agus ar a bheith ina bhfoghlaimoirí neamhspleácha
- Monatóireacht agus rianú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí.

Más mian le do scoilse páirt a ghlacadh sa tionscadal nuálach seo, líon isteach an Fhoirm Iarratais don ríomh-Mhol Píolótach Gaeltachta agus seol ar ais í chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna ag aog@education.gov.ie faoin **Aoine, 29 Márta 2019**. **Ma tá aon cheisteanna breise agat, déan teagmháil le do thoil leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta ag aog@education.gov.ie**

Foirm um Léiriú Spéise don ríomh-Mhol Gaeltachta

A: An chuid seo le comhlánú ag an bpríomhoide

Ainm an phríomhoide: _____

Ainm na scoile: _____

Seoladh ríomhphoist: _____

Uimhir ghutháin: _____

Uimhir rolla na scoile: _____

Seoladh na scoile: _____

Déan cur síos le do thoil ar an gcúis gur mhaith le do scoil a bheith páirteach sa Tionscadal Píolótach ríomh-Mhoil do Fhisc Ardleibhéil na hArdteistiméireachta ó Mheán Fómhair 2019 go dtí scrúdú na hArdteistiméireachta 2021.

Deimhnigh le do thoil gur féidir leis an scoil iad seo a leanas a shásamh:	Cuir tic sa bhosca cúí le do thoil	
	Is féidir	Ní féidir
1-5 scoláirí a ainmniú chun tosú ar Fhisc Ardleibhéil na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2019		
A dheimhniú nach bhfuil staidéar á dhéanamh freisin ag na scoláirí a ainmníodh ar chúrsa leithleach na hArdteistiméireachta don Fhisc-Ceimic		
A dheimhniú go bhfuil inniúlacht chuí sa Ghaeilge ag na scoláirí a ainmníodh		
Duine den fhoireann teagaisc a ainmniú mar ríomh-Mheantóir		
An ríomh-Mheantóir a scaoileadh ar feadh 3.5 uaire an chloig sa tseachtain ó Mheán Fómhair 2019 go dtí scrúdú na hArdteistiméireachta 2021		
Seomra ciúin oiriúnach a sholáthar ina ndéanfar an ríomh-Mhol a lonnú		
Freastal ar chlár ama scoile ilchodach don chúrsa Fisice ar line		

Dearbhaím go sásaíonn na scoláirí atá ainmnithe agam na riachtanais mar atá leagtha amach sa bhileog eolais a ghabhann leis an bhfoirm seo.

Ainm an ríomh-Mheantóra ainmnithe: _____ **Dáta:** _____

Príomhoide: _____ **Dáta:** _____

B: An chuid seo le comhlánú ag an ríomh-Mheantóir

Ainm an Mhúinteora: _____

Seoladh Ríomhphoist: _____

Cáilíocht na Comhairle
Múinteoireachta: _____

Taithí Múinteoireachta: _____

Leibhéal chumais sa
Ghaeilge: _____

- An bhfuil taithí cheana agat ar a bheith ag teagasc ar líne? Tá Níl
- An bhfuil tú sásta páirt a ghlacadh i sraith ceardlann ar líne, faoin bhfoghlaím ar líne, ó Bhealtaine 2019? Tá Níl

Déan cur síos le do thoil ar an gcúis gur mhaith leat a bheith páirteach sa Tioncadal ríomh-Mhoil Píolótach do Fhísic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta agus feidhmiú mar ríomh-Mheantóir le héifeacht ó Mheán Fómhair 2019 go dtí scrúdú na hArdteistiméireachta 2021.

Dearbhaím go sásaím na riachtanais don tionscadal ríomh-Mhol mar atá leagtha amach sa bhileog eolais a ghabhann leis an bhfoirm seo.

Ríomh-Mheantóir: _____ Dáta: _____

C: An chuid seo le comhlánú ag an scoláire

Ainm an Scoláire: _____

Déan cur síos ar an gcúis gur mhaith leat Fisic a roghnú do scrúdú na hArdteistiméireachta in 2021.

Inis dúinn faoin spéis atá agat san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic.

Sínithe: _____ Dáta: _____
Scoláire

Deimhním gur léigh mé an Bhileog Eolais do Scoláirí agus do Thuismitheoirí faoin tionscadal ríomh-Mhol Gaeltachta.

Sínithe: _____ Dáta: _____
Tuismitheoir/Caomhnóir

Is í an **phríomhchúis** go bhfuil na sonraí pearsanta atá á sholáthar uait de dhíth ar an Roinn ná maidir le hiarratas do scoile ar pháirt a ghlacadh sa tionscadal ríomh-Mhol píolótach atá á fheidmiú faoi théarmaí na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus an Pholasáí um Oideachas Gaeltachta 2017-2022. D'fhéadfadh go gcuirfí na sonraí pearsanta a sholáthraítear ar fáil do rannóga eile laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna, d'Aonad Seirbhíse ríomh-Mhol na Gaeltachta, don Chomhairle Mhúinteoireachta más cuí, maidir le do stádas clárúcháin, do na Coimisinéirí Ioncaim, don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirice Sóisialta mar is gá de réir dlí, agus d'aon chomhlachtaí eile a bhfuil treoir tugtha agat don Roinn aistharrangtí deonacha a bhaint as do thuarastal. Tá fáil ar na sonraí uile maidir le polasaí um chosaint sonraí na Roinne ina ndéantar cur síos ar an tslí ina mbainimid úsáid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas faoi do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag www.education.ie. Ta fáil ar shonraí an pholasáí seo ar chruachóip freisin, ach a leithéid a éileamh, ón **Aonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96.**